Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10914 — GENSTAR CAPITAL / GTCR / JSSI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 386/07)

1. An 29 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Genstar Capital Partners LLC ("Genstar Capital", na Stáit Aontaithe),

— GTCR LLC, ("GTCR", na Stáit Aontaithe),

— JSS Holdco LLC ("JSSI", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Genstar Capital de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, rialú comhpháirteach indíreach ar JSSI, atá faoi rialú aonair GTCR faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le Genstar Capital: infheistiú i gcuideachtaí meánmhargaidh i seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, teicneolaíocht thionsclaíoch agus tionscail bogearraí ar fud an domhain,

— maidir le GTCR: infheistiú i gcuideachtaí fáis sna tionscail seirbhísí airgeadais agus teicneolaíochta, cúram sláinte, teicneolaíochta, meán agus teileachumarsáide agus seirbhísí gnó ar fud an domhain,

— maidir le JSSI: cláir chothabhála a sholáthar maidir le hinnill aerárthaí, aerfhrámaí agus aonaid chumhachta chúnta ar fud an domhain. Ina theannta sin, cuireann JSSI páirteanna aerárthaí ar fáil lena ndíol nó lena léasú agus cuireann sé réitigh bogearraí áirithe ar fáil agus cuireann sé seirbhísí comhairleacha ar fáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10914 — GENSTAR CAPITAL / GTCR / JSSI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË